
# Bord na Gaeilge UCD

## Nuachtlitir Alumni Bhord na Gaeilge
## Eagrán 2018

www.ucd.ie/bnag

www.twitter.com/BordnaGaeilge



### Clár Ábhair


- Barrscéalta ó Bhord na Gaeilge UCD
- Meantóirí Theach na Gaeilge 2018 – Cérbh iad?
- Cá bhfuil sibh anois?!
- 4 mholadh chun coinneáil leis an nGaeilge…
- Comórtas Grianghraf ar Twitter #TeachNaGaeilge













## Barrscéalta ó Bhord na Gaeilge UCD

Bliain na Gaeilge faoi shéan is faoi shonas ó Bhord na Gaeilge UCD!
Tá neart ar bun againn san oifig anseo i láthair na huaire. Seo iad ár mbarrscéalta…

## Tionól Gaeilge UCD: 2-6 Iúil 2018

Tá Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta curtha ar bun againn d'fhoghlaimeoirí fásta (18+). D'éirigh thar cionn leis an Tionól nuair a seoladh í anuraidh, agus tá muid ag iarraidh cur leis sin i mbliana. Má tá aithne agat ar éinne a mbeadh spéis acu barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge nó fiú Gaeilge a fhoghlaim den chéad uair – déan cinnte iad a chur ar an eolas faoi scoil samhraidh na bliana seo! Is féidir ár mbróisiúr a roinnt leo. Ní gá dóibh a bheith buartha faoi lóistín mar tá sé ar fáil ar ár gcampas.



*Rannpháirtithe Thionól Gaeilge UCD 2017*

## Sraith Léachtaí Thionól Gaeilge UCD: 2-5 Iúil 2018

Bhí an-tóir ar ár sraith léachtaí anuraidh, le leithéidí an Ollaimh Alan Titley ag tabhairt léachta ar Phrós na Gaeilge agus iarscoláire Theach na Gaeilge Cormac Breathnach ag labhairt faoi Na Meáin Ghaeilge. Seo agaibh an liosta de na léachtaí éagsúla iontacha a bheidh ar siúl i mí Iúil:

| | Dé Luain, 2 Iúil<br>Monday, 2 July | Dé Máirt, 3 Iúil<br>Tuesday, 3 July | Dé Céadaoin, 4 Iúil<br>Wednesday, 4 July | Déardaoin, 5 Iúil<br>Thursday, 5 July |
|---|---|---|---|---|
| Seisiún 1 \| Session 1<br>3pm - 4pm | Céard a rinne Bonnie Prince Charlie riamh dúinn?<br>An Dr Alan Titley, Ollamh Emeritus, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | Iriseoireacht na Gaeilge: scéalaithe pobail agus síolta an stáit san fhichiú haois<br>An Dr Regina Uí Chollatáin<br>Ollamh Comhlach agus Ceann Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, UCD (i gcomhar leis an Dr Aoife Whelan, Léachtóir/Ollamh Cúnta sa Nua-Ghaeilge agus sa Léann Éireannach in UCD) | An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge: na forbairtí atá déanta agus le déanamh<br>Cormac Breathnach<br>An Gúm (Foras na Gaeilge), Baile Átha Cliath | Beartas teanga Chumann Lúthchleas Gael, 1884-1934<br>An Dr Cathal Billings<br>Léachtóir/Ollamh Cúnta<br>Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, UCD |
| | Overview of abair.ie, the Irish Language Synthesiser<br>Dr Neasa Ní Chiaráin<br>School of Linguistic, Speech & Communication Sciences, Trinity College Dublin | Life stories: from the Blasket Island autobiographies to today's travel books and pilgrimage diaries<br>Dr Máirín Nic Eoin, Professor Emeritus, Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Dublin City University | The unique insight into Irish history offered by Conradh na Gaeilge's archive<br>Cuan Ó Seireadáin<br>Curator, Conradh na Gaeilge, Dublin | The story of Pádraig Ó Domhnaill, the man who killed the informer James Carey<br>Seán Ó Cuirreáin, former Coimisinéir Teanga |
| Seisiún 2 \| Session 2<br>4pm - 5pm | Forléargas ar abair.ie, an Sintéiseoir Gaeilge<br>An Dr Neasa Ní Chiaráin<br>Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra & Cumarsáide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | Scéalta beatha: ó dhírbheathaisnéisí an Bhlascaoid go dtí leabhair thaistil agus dialanna oilithreachta an lae inniu<br>An Dr Máirín Nic Eoin, Ollamh Emeritus, Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Cartlann Chonradh na Gaeilge agus an léargas faoi leith atá le fáil uaithi ar stair na hÉireann<br>Cuan Ó Seireadáin<br>Coimeádaí, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath | Scéal Phádraig Uí Dhomhnaill (Padaí Mhícheáil Airt), an fear a mharaigh an brathadóir James Carey<br>Seán Ó Cuirreáin, iar-Choimisinéir Teanga |
| | What did Bonnie Prince Charlie ever do to (or for) us?<br>Dr Alan Titley, Professor Emeritus, University College Cork | Irish & Irishness: stories and state in Irish language media<br>Dr Regina Uí Chollatáin<br>Senior Lecturer and Head of UCD School of Irish, Celtic Studies and Folklore (in conjunction with Dr Aoife Whelan, Lecturer/Assistant Professor in Modern Irish and Irish Studies, UCD) | The New English-Irish Dictionary: developments to date and future plans<br>Cormac Breathnach<br>An Gúm (Foras na Gaeilge), Dublin | Irish Language policy in the Gaelic Athletic Association, 1884-1934<br>Dr Cathal Billings<br>Lecturer/Assistant Professor, School of Irish, Celtic Studies and Folklore |

Más spéis leatsa, nó le cara leat, ár n-ochtar aoichainteoirí speisialta a fheiceáil is féidir clárú anseo. Déan teagmháil linn ar ranganna.gaeilge@ucd.ie chun lascaine speisialta Alumni a fháil ar an tsraith seo.

## Teach na Gaeilge – Bliain eile ag teacht chun deiridh!

Tá muid ag fágáil slán le scoláirí aoibhne eile ó Theach na Gaeilge arís i mbliana. Is deacair dúinn a chreidiúint go bhfuil an t-am sin den bhliain linn arís. Tá na hiarratais nua curtha faoinár mbráid ó dhaltaí séú bliana timpeall na tíre atá ag iarraidh áit móréilimh a fháil sa Teach don bhliain seo chugainn. Beidh agallaimh Theach na Gaeilge UCD 2018-19 ar siúl go luath.



*Mic léinn scoláireachta Theach na Gaeilge UCD 2017-18*

## Bliain Rathúil eile ag Cumann Gaelach UCD

Tá an Cumann Gaelach ag dul ó neart go neart. D'éirigh leo an chéad áit a bhaint amach i nGradam Chonradh na Gaeilge ag an Ard-Fheis i dTrá Lí agus anuas air sin, d'éirigh leo an dara háit a bhaint amach i nGradam Ghlór na nGael i mbliana– nach díograiseach iad!



*An tOllamh Máire Ní Annracháin, ball de Bhord Stiúrtha Ghlór na nGael, Scoláirí Tí, Erin Nic an Bhaird agus Jamie Mac Uiginn agus Pól Ó Gallchóir, Cathaoirleach Bhord Fhoras na Gaeilge ag bailiú na duaise ag Gradam Ghlór na nGael.*

## Campas athraithe

Má tá tú i bhfad ón gcampas, seans nach bhfuil a fhios agat go bhfuil foirgneamh nua ar an gcampas anois darb ainm *An Institiúid Confucius* – do staidéar Síneach atá an foirgneamh tiomnaithe. Tá muid an-bhródúil gur fhoghlaim go leor mac léinn a bhí ar cuairt ón tSín (BDIC) Gaeilge linn i mbliana.



*Ceardlann damhsa do mhic léinn Bhaile Átha Cliath-Beijing, 24 Eanáir 2018*

## Comhghairdeas, a Chathaoirligh!



An raibh a fhios agat go bhfuil An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bhord na Gaeilge, ina Dhéan ar Scoil an Leighis Tréidliachta anois? Bí ag faire amach don nuacht is déanaí ó Bhord na Gaeilge ar chlár na bhfógraí i Scoil an Leighis Tréidliachta!

## Meantóirí Theach na Gaeilge 2017-18

Is é seo an dara bliain a bhfuil Córas Meantóireachta Theach na Gaeilge ar siúl. Tugann Meantóirí cúnamh agus comhairle dár scoláirí sa Teach chun imeachtaí rathúla a eagrú agus chun leideanna a thabhairt dóibh ar na bealaí is éifeachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Thug siad léargas iontach do na scoláirí agus ba mhór againn a gcuid cabhrach.



*Cainteoirí dúchais Thír Chonaill, Teach na Gaeilge 2017-18*



## Cormac Breathnach

- Oibríonn Cormac ar focloir.ie agus labhair sé mar aoichainteoir i gCeannáras Facebook do Lá na Meán Sóisialta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2017.
- Seo físeán de ag caint le GradIreland faoi ghairm le Gaeilge.
- Agus seo alt ar The Journal.ie faoina chuid oibre ar an bhfoclóir a cuireadh i gcló le déanaí.



## Edel Ní Bhraonáin

- Oibríonn Edel le Conradh na Gaeilge ag cur na Gaeilge chun cinn ar fud an domhain mar Fheidhmeannach Sheachtain na Gaeilge & Feachtais Feasachta.
- Tá an-suim aici spórt trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus tá ról lárnach aici ar Choiste Na nGaeil Óga le blianta.




## Aisling Ní Shírín

- Bronnadh Gradam Náisiúnta na Múinteoirí 2018 ar Aisling le déanaí dá cuid oibre san earnáil oideachais mar mhúinteoir iarbhunscoile.
- Oibríonn Aisling san earnáil margaíochta digití freisin agus is í an Bainisteoir Tionscadail í ar an bhfeachtas iomráiteach Twitter #TrasnaNadTonnta. Tá tuilleadh eolais faoin bhfeachtas le fáil anseo.

# Bord na Gaeilge UCD

**Nuachtlitir Alumni Bhord na Gaeilge**
**Eagrán 2018**

www.ucd.ie/bnag

www.twitter.com/BordnaGaeilge



## Lorraine Ní Stac

- Tá Lorraine ag tabhairt faoi chéim i dTeangacha idirnáisiúnta faoi láthair.
- Bronnadh gradam Ambasadóir Theach na Gaeilge 2016 ar Lorraine agus bhuaigh sí Bonn Óir an Chumainn Ghaelaigh an bhliain sin chomh maith.
- Ba í Eagarthóir Gaeilge The College Tribune UCD í i mbliana.



## Sophie Osborne

- Tá Sophie ag tabhairt faoi MA sa Ghaeilge in UCD faoi láthair.
- Rinne Sophie podchraoladh as Gaeilge lena comhscoláirí faoi 'Nósanna Bia na Mac Léinn'. Is féidir leat éisteacht leis anseo.



## Anraí Ó Braonáin

- Tá céim Eacnamaíochta agus Airgeadais bainte amach ag Anraí.
- Bhí sé ina Reachtaire ar an gCumann Fraincise agus ina mhac léinn Ad Astra freisin.





## Peadar Ó Lamhna

- Tá Peadar ag scríobh dlíthe i mBaile Átha Cliath faoi láthair agus tá sé ag déanamh staidéir in Óstaí an Rí le bheith ina abhcóide.
- Roimhe sin, d'oibrigh sé sa Bhruiséil mar Oifigeach Polasaithe le Rannóg na nInstitiúidí, Bunionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach, An Bhruiséil.
- Bíonn sé ag taisteal go rímhinic agus tá sé ina Chathaoirleach ar Alumni Ghaisce (Gradam an Uachtaráin).

## Máirtín Ó Maoilchiaráin

- Is ón agallamh a rinne Máirtín in RTÉ a fuair muid an pictiúr ar chlé.
- Bhuaigh Máirtín Craobh na hÉireann sa Liathróid Láimhe i mbliana, ba é an chéad duine as Gaillimh é an t-éacht sin a dhéanamh!
- I ndiaidh an Chraobh Sinsear a bhuachan thug sé a óráid uilig trí Ghaeilge– ardfhear!



*Má tá spéis agatsa a bheith i d'Ambasadóir do Theach na Gaeilge 2018-19 déan cinnte teagmháil a dhéanamh linn: ranganna.gaeilge@ucd.ie*

*Pictiúr: Seán Ó Mainnín*







# Aodhán Ó Deá

- **Comhairleoir Seachtrach Theach na Gaeilge UCD**

- Tá Aodhán ina Stiúrthóir Forbartha ag Conradh na Gaeilge. Oibríonn sé go dian dícheallach chun an Ghaeilge a athréimniú mar phríomh-theanga labhartha na tíre.

- Chonaic muid Aodhán ar an gclár RTÉ *Lig Liom* le déanaí, agus seo é an t-alt is déanaí atá aige ar The Journal.ie faoin nGaeilge.


- Tá Aodhán ag glacadh briseadh óna phost ar feadh leathbhliana chun taisteal timpeall na cruinne. Guíonn muid gach rath air. Tá sé tuillte go maith aige!



Bord na Gaeilge UCD
Nuachtlitir Alumni Bhord na Gaeilge
Eagrán 2018

www.ucd.ie/bnag

www.twitter.com/BordnaGaeilge



## Dónal Ó Catháin

- **Comhordaitheoir Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge UCD**
- Bronnadh duais SMEDIA 2017 ar Dhónal sa chatagóir Raidió trí Ghaeilge dá sheó 'Craic le Catháin' ar Raidió na Life.
- Is é Dónal reachtaire an Chumainn Ghaelaigh sa chomhlacht Accenture faoi láthair – ag obair go dian chun an Ghaeilge a chur chun cinn ina thimpeallacht oibre.



## Aoife Nic Shamhráin

- **Comhordaitheoir Alumni Theach na Gaeilge UCD**
- Is Dochtúir le Leighis í Aoife i mBaile Átha Cliath.
- Ba mhaith linn comhghairdeas ollmhór a ghabháil le hAoife atá geallta anois le déanaí! Guíonn muid gach rath ort féin agus ar Darren sa saol atá amach romhaibh!



*Comhghairdeas mór le hAoife agus le Darren! Tá Darren ag déanamh staidéir i Scoil an Leighis in UCD faoi láthair.*

# Beirt Alumni atá ag teagasc linn i mbliana…




*Mary Curtin, Mura McCafferty, teagascóir* **Iseult Ní Chonchúir** *& Arun Kumar*

## Iseult Ní Chonchúir

- Oibríonn Iseult mar mhúinteoir ceoil agus Gaeilge sa mheánscoil Coláiste Cois Life.
- Tá léacht tugtha ag Iseult ar mhódhanna múinte na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide.
- Tá Cór Chonradh na Gaeilge faoi stiúr aici faoi láthair.



*Liam Joseph Reynolds, Laurence Halpin, teagascóir* **Dáire Ó Braonáin**, *Doireann Dickinson & Meadhbh Murphy*

## Dáire Ó Braonáin

- Oibríonn Dáire mar mhúinteoir Gaeilge i gColáiste Naomh Muire, Ráth Maoinis.
- Tá an-spéis ag Dáire sa Spáinnis agus rinne sé an Camino de Santiago lena rang idirbhliana le linn na Cásca.
- Is griangrafadóir proifisiúnta é Dáire le Sportsfile freisin!





## Cá bhfuil sibh anois?

# Éadaoin Nic Giolla Bhríghde

Teach na Gaeilge 2010-12
B.A. (Gaeilge agus Tíreolaíocht) UCD 2010-13, Dioplóma san Oideachas NUIG 2013-14
M.A. (Cumarsáid) NUIG 2014-15

*Ní fada ó bhí Éadaoin, cainteoir dúchais ó Ghaoth Dobhair, linne i dTeach na Gaeilge. Labhair iar-reachtaire an Chumainn Ghaelaigh linn le déanaí ar a bhfuil ar siúl aici ó d'fhág sí slán le UCD…*

**An raibh aon tionchar ag Teach na Gaeilge ort?**
Sílim gurb é Teach na Gaeilge ceann de na rudaí is fearr a rinne mé i mo shaol go dtí seo! Bhuail mé leis an méid sin daoine ó gach cúinne den tír, rinne mé cairde a bheidh agam go deireadh mo shaoil. Thug sé deiseanna iontacha dom agus spreag sé mé freagracht a ghlacadh ar rudaí áirithe ó thaobh ócáidí agus le híomhá mhaith a chruthú timpeall an champais. Chomh maith leis sin d'oscail sé mo shúile ó thaobh na féidearthachtaí i dtaobh na Gaeilge agus gur féidir í a úsáid go laethúil taobh amuigh den Ghaeltacht. Ba mhór an tionchar a bhí aige ar mo shaol.

**Cén post atá agat anois?**
Faoi láthair is múinteoir meánscoile mé.

**Cad a dhéanann tú i d'am saor?**
Is breá liom dul ag taisteal! Tá mé dírithe ar dheisceart Mheiriceá an samhradh seo. Coinním mo shúil ar ócáidí Gaeilge freisin. Mar shampla, Oireachtas na Samhna, Gradaim NÓS, Pop Up Gaeltacht, Reic, féilte ealaíne, Club Chonradh na Gaeilge. Tá an méid sin rudaí ar siúl…ba chóir tuilleadh tairbhe a baint astu!





# Laura Ní Sheachnasaigh

Teach na Gaeilge 2012-13
BSc (Radagrafaíocht) UCD

**An raibh aon tionchar ag Teach na Gaeilge ort?**
Ar ndóigh bhí tionchar ag Teach na Gaeilge orm. Bhuail mé le daoine nua ó chúrsaí éagsúla agus ghlac mé páirt i réimse imeachtaí le linn na bliana - ag cabhrú agus ag eagrú. D'fhoghlaim mé scileanna luachmhara don todhchaí!

**Cén post atá agat anois?**
Oibrím mar radagrafaí in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn anois.

**Cad a dhéanann tú i d'am saor?**
An caitheamh aimsire is fearr liom ná lúthchleasaíocht. Bím ag traenáil beagnach gach lá agus ag rásaíocht go minic. Anuas air sin, táim ag ullmhú chun dul go dtí ospidéal in Uganda mar cheannaire foirne le grúpa saorálaithe ó UCDVO an samhradh seo.



Bord na Gaeilge UCD
Nuachtlitir Alumni Bhord na Gaeilge
Eagrán 2018

www.ucd.ie/bnag

www.twitter.com/BordnaGaeilge












# Emma Ní Nualláin

Teach na Gaeilge 2010-11
B.A. (Béarla agus Gaeilge) UCD 2009-2011
M.A. (Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge) UCD 2012-13
H.Dip. Coláiste na Tríonóide 2013
Instagram: Gaeltrip

**An raibh aon tionchar ag Teach na Gaeilge ort?**
Bhí cinnte, ba shin an áit ar bhuail mé le m'fhear céile! Bhíomar araon ar choiste an Chumainn Ghaelaigh agus bhuaileamar lena chéile ag cruinniú an Choiste, ag tús na bliana ollscoile in 2009. Bhí seisean ar an Scéim in 2009-10 agus fuair mé féin áit sa teach an bhliain ina dhiaidh sin. Bhí am den chéad scoth agam ann. D'fhoghlaim mé an-chuid scileanna tábhachtacha maidir le hócáidí a eagrú agus níos fearr ná sin, tá go leor cairde iontacha agam fós ó bheith i mo chónaí ann.

**Cén post atá agat?**
Is múinteoir meánscoile mé go príomha; tar éis dom an Mháistreacht a chríochnú, rinne mé an HDip i gColáiste na Tríonóide in 2013. Múinim Gaeilge agus Béarla i meánscoil i gCill Chainnigh agus bainim an-sult as!

Thóg mé sos gairme anuraidh áfach, mar phós mé féin agus Oisín ansin agus chuamar ag taisteal timpeall na cruinne don bhliain. Mar chuid de sin, chuireamar tús le blag taistil, gaeltrip.com agus cuntas Instagram faoin ainm GaelTrip, chun ailt a scríobh faoi na tíortha éagsúla ina raibh muid, agus chuireamar grianghraif leo freisin. Bhuaigh an blag an gradam don 'Blag Gaeilge is Fearr' i 2017 ag na Gradaim Blag Náisiúnta agus bhíomar ar bís leis sin! Chomh maith leis sin, scríobhaim alt taistil míosúil don iris Seachtain atá mar chuid den Irish Independent.

**Cad a dhéanann tú i d'am saor?**
Téim ag rith cúpla uair sa tseachtain (rinne mé mo chéad leath-mharatón i mbliana!), agus is breá liom a bheith ag léamh, mo scíth a ligean in éineacht le mo theaghlach, dul chuig ceolchoirmeacha - agus ag taisteal, dar ndóigh!

# 4 mholadh chun coinneáil leis an nGaeilge...

## Club Leabhar UCD




Má tá tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath go fóill, bí páirteach inár gClub Leabhar. Ná déan dearmad go bhfuil an Club oscailte don phobal agus ba mhór againn do chomhluadar ann! Tagann údair mór le rá, ar nós Áine Ní Ghlinn, chun cuairte chun a dtuairimí a roinnt faoina gcuid scríbhneoireachta, rud a mbaineann ár mbaill taitneamh agus tairbhe as!

## Na Gaeil Óga




Más duine tú ar maith leat spóirt, b’fhiú go mór clárú leis Na Gaeil Óga! Is bealach álainn é Cumann lán-Ghaeilge Bhaile Átha Cliath le coinneáil aclaí agus bualadh le cairde nua. Tá Bairbre Ní Conchúir, iar mhac léinn Theach na Gaeilge UCD, i mbun an chumainn faoi láthair. Tá Bairbre ag obair mar riarthóir le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh & an Bhéaloidis UCD chomh maith.

## Pop Up Gaeltacht

POP UP Gaeltacht

Beidh an chéad Phop Up Gaeltacht eile ar Shráid Camden ar an 31 Bealtaine. Tá tuilleadh eolais le fáil anseo. Agus ná déan dearmad gur féidir leatsa do Pop Up féin a eagrú go héasca mura bhfuil ceann i do Chontae cheana féin! Téigh i dteagmháil leo ar Twitter anseo.

## Twitter trí Ghaeilge!

Bain úsáid as do chuid Gaeilge ar Twitter agus déan cinnte go bhfuil tú dár leanúint freisin!@BordnaGaeilge

## Comórtas Grianghraf ar Twitter #TeachnaGaeilge

Ó tharla muid ag trácht ar Twitter…seo agat comórtas an eagráin seo!

- Íoslódáil an grianghraf is ansa leat díot féin agus de d'iarchomrádaí tí ar Twitter (ní gá dó a bheith ón tréimhse ina raibh sibh i bhur gcónaí lena chéile!)
- Clibeáil muid @BordnaGaeilge sa ghrianghraf
- Bain úsáid as an haischlib #TeachNaGaeilge
  Agus sin é!! Go n-éirí leat ;)



Beidh duais 3 bharra seacláide álainn Gaelach don té a chuireann an ceann is fearr chugainn!
Má tá aon nuacht agat dúinn don chéad eagrán eile déan cinnte é a chur chugainn ar Twitter nó chuig oifigeach.gaeilge@ucd.ie

**Gréasán Alumni Theach na Gaeilge**
Más mian leat a bheith rannpháirteach i nGréasán Alumni Theach na Gaeilge, téigh i dteagmháil linn ag ranganna.gaeilge@ucd.ie nó lenár alumna an Dr. Aoife Nic Shamhráin ag aoifenicshamhrain@gmail.com

**Slán go fóill, a chara!**
*Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le hAisling Ní Shírín as an eagrán seo a chur le chéile.*

**Eagarthóirí**
Clár Ní Bhuachalla & Ashling Harteveld
Bord na Gaeilge UCD L508, Foirgneamh na Leabharlainne UCD, Belfield, BÁC 4
Guthán: 716-7387
www.ucd.ie/bnag/ga/teagmhail/

**Baill Bhord na Gaeilge:**
www.ucd.ie/bnag/ga/fuinn/baillanbhoird/

